

DRÉACHT

Foraithne Rialtais

maidir le critéir deiridh dramhaíola d'amhábhair phlaisteacha thánaisteacha atá athchúrsáilte go meicniúil

Le cinneadh ón Rialtas, de bhun alt 5b, fo-alt 2, arna leasú le hAcht 714/2021, agus alt 10, arna leasú go páirteach le hAcht 714/2021 den Acht Dramhaíola (646/2011), agus alt 9, arna leasú le hAcht 1166/2018, den Acht um Chaomhnú an Chomhshaoil (527/2014), achtaítear an méid seo a leanas:

Roinn 1

Cuspóir agus raon feidhme

Leagtar síos leis an bhForaithne seo critéir chun a chinneadh cén uair a scoirfidh amhábhair plaisteach tánaisteach atá athchúrsáilte go meicniúil de bheith ina dhramhaíl agus na críocha ar lena n-aghaidh a fhéadfar amhábhair plaisteach tánaisteach a chomhlíonann na critéir a úsáid.

Tá feidhm ag an bhForaithne seo maidir le tairgeoirí amhábhair plaisteach tánaisteach a bhfuil cead comhshaoil acu dá dtagraítear i roinn 27 den Acht um Chaomhnú an Chomhshaoil (527/2014) chun dramhaíl phlaisteach a phróiseáil agus a ghlacann na critéir dá dtagraítear san Fhoraithne seo.

Ina theannta sin, tá monarú amhábhair plaisteach tánaisteach atá ceaptha teacht i dteagmháil le bia á rialú le Rialachán (AE) 2022/1616 ón gCoimisiún maidir le hábhair phlaisteacha athchúrsáilte agus earraí plaisteacha athchúrsáilte a bheartaítear a bheith i dtadhall le bia agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 282/2008, Rialachán (CE) 2023/2006 ón gCoimisiún maidir le dea-chleachtas monaraíochta d'ábhair agus d'earraí a bheartaítear a

bheith i dtadhall le bia, Rialachán (AE) 10/2011 ón gCoimisiún maidir le hábhair phlaisteacha agus earraí plaisteacha a bheartaítear a bheith i dtadhall le bia, agus Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hábhair agus earraí a bheartaítear a bheith i dtadhall le bia agus lena n-aisghairtear Treoir 80/509/CEE agus Treoir 89/109/CEE.

Roinn 2

Sainmhínithe

Chun críocha na Foraithe seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- 1) *ionchur plaisteach* dramhaíl phlaisteach, dá dtagraítear in Iarscríbhinn 1, a úsáidtear mar amhábhhar chun an t-amhábhhar plaisteach tánaisteach dá dtagraítear i bpointe 2 a tháirgeadh;
- 2) *amhábhhar plaisteach tánaisteach* ábhar plaisteach i bhfoirm millíní, plaisteach brúite nó calóga a tháirgtear as dramhaíl phlaisteach agus atá ar fáil mar amhábhhar chun táirgí plaisteacha nua a mhonarú gan tuilleadh próiseála a bheith ag teastáil;
- 3) *oibríocht aisghabhála* ciallaíonn sé bearta teicniúla agus bearta eile chun ionchuir a ghlacadh, a réamhphróiseáil agus a aisghabháil chun dramhaíl phlaisteach a chlaoclú ina hamhábhhar plaisteach tánaisteach;
- 4) *monaróir sealbhóir* na dramhaíola a ghlacann na critéir deiridh dramhaíola maidir leis an amhábhhar plaisteach tánaisteach;
- 5) *páirtí neamhspleách* ciallaíonn sé eintiteas, institiúid nó comhlacht eile a sholáthraíonn seirbhísí measúnaithe comhlíontachta;
- 6) *innéacs sreafa leáite* ciallaíonn sé sin tomhas ar a éasca atá sé leá polaiméire teirmeaplaisteacha a leá ag teocht ar leith agus faoi bhrú sonraithe.

Roinn 3

Critéir maidir le deireadh dramhaíola le haghaidh amhábhhar plaisteach tánaisteach

Scoirtear d'amhábhair plaisteach tánaisteach a aicmiú mar dhramhaíl nuair a chomhlíontar na ceanglais seo a leanas tráth a chuirtear an t-amhábhair plaisteach tánaisteach ar an margadh:

- 1) úsáideadh dramhaíl phlaisteach dá dtagraítear in Iarscríbhinn 1 mar ionchur don oibríocht aisghabhála;
- 2) rinneadh oibríocht aisghabhála ar an ionchur lena gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos i roinn 5 agus i ranna 7 go 9;
- 3) comhlíonann an t-amhábhair plaisteach tánaisteach na ceanglais a leagtar síos i roinn 10;
- 4) gur cinneadh an úsáid atá beartaithe don amhábhair plaisteach tánaisteach i gcomhréir le roinn 12;
- 5) gur stóráladh an t-amhábhair plaisteach tánaisteach i gcomhréir le ceanglais roinn 13 agus go bhfuil dearbhú comhlíontachta aige i gcomhréir le roinn 14 a chomhlíonann na ceanglais maidir le hinneachar a leagtar síos i roinn 15.

Roinn 4

Córas dearbhaithe cáilíochta an mhonaróra

Beidh córas dearbhaithe cáilíochta ag an monaróir chun a fhíorú, ar bhonn leanúnach, go gcomhlíontar ceanglais dearbhaithe cáilíochta na hoibríochta aisghabhála agus an amhábhair phlaistigh athchúrsáilte a ndearnadh an oibríocht aisghabhála air.

Ainmneoidh an monaróir na daoine a bheidh freagrach as an gcóras dearbhaithe cáilíochta agus áiríteoidh sé go gcuirfear oiliúint sa chóras dearbhaithe cáilíochta ar na daoine atá freagrach agus orthu siúd a bhfuil baint acu leis an dearbhú cáilíochta a chur chun feidhme. Tá na daoine atá freagrach ainmnithe sa chóras dearbhaithe cáilíochta.

Bunóidh an monaróir plean measúnaithe agus iniúchta don chóras dearbhaithe cáilíochta.

Déanann páirtí neamhspleách comhlíonadh an chórais dearbhaithe cáilíochta a fhíorú. Beidh ag an bpáirtí neamhspleách cáilíocht arna deonú ag Seirbhís Creidiúnaithe Ghníomhaireacht Sábháilteachta agus Ceimiceán na Fionlainne chun an cúram sin a chur i gcrích.

Roinn 5

Dramhaíl phlaisteach a ghlacadh

Seiceálfaidh an monaróir gach coinsíneacht dramhaíola plaistí tráth a fhaightear an dramhaíl roimh an réamhphróiseáil. Déanfaidh an monaróir teoracha a tharraingt suas maidir leis an gcigireacht fála agus déanfaidh sé iad a dhoiciméadú ina gcóras dearbhaithe cáilíochta.

Ní fhéadfaidh an monaróir glacadh ach le dramhaíl phlaisteach dá dtagraítear in Iarscríbhinn 1, ar dramhaíl í nach mór di freisin

- 1) beidh leibhéal íonachta ag baint leis lena n-áirítheofar gur féidir, agus réitigh theicniúla na hoibríochta aisghabhála á gcur san áireamh, amhábhair phlaisteach tánaisteach a tháirgeadh a chomhlíonann na critéir;
- 2) a stóráil agus a iompar ar bhealach nach measfar dramhaíl na gcód dramhaíola éagsúil in Iarscríbhinn 1 lena chéile ná le dramhaíl eile.

Ní fhéadfaidh an monaróir glacadh le dramhaíl phlaisteach a úsáidtear chun substaint ghuaiseach nó meascán guaiseach a phacáistiú nó a stóráil, ar dramhaíl í a chomhlíonann ceann amháin nó níos mó de na sainmhínithe agus na critéir le haghaidh na n-aicmí nó na gcatagóirí guaise dá dtagraítear in Iarscríbhinn 2. Níl feidhm ag an gceanglas sin maidir le dramhaíl phlaisteach a bhailítear ar leithligh ó theaghlaigh.

Dramhaíl phlaisteach a mheastar, nó a bhfaightear amach go bhfuil eisíontais inti, ar bhonn na cigireachta, ar eisíontais í a chuireann isteach go mór ar cháilíocht an amhábhair phlaisteach athchúrsáilte, ní fhéadfar í a úsáid mar ionchur le haghaidh na hoibríochta aisghabhála.

Roinn 6

Taifid maidir le dramhaíl phlaisteach a fháil

Coinneoidh an monaróir taifid ar an dramhaíl phlaisteach a fuarthas agus a dhiúltaítear mar ionchur. Ní mór taifead a dhéanamh sna taifid admhála ar dháta agus am fála gach coinsíneachta dramhaíola plaistí a fhaightear, táirgeoir agus soláthraí na dramhaíola, cineál, teideal agus cainníocht na dramhaíola agus léiriú an ghlactha. I gcás coinsíneachtaí dramhaíola nach nglactar leo, déantar dáta an diúltaithe, an táirgeoir agus soláthraí na dramhaíola, cineál, cód agus cainníocht na dramhaíola agus forais an diúltaithe a thaifeadh.

Déanfaidh an monaróir treoracha a tharraingt suas maidir le taifid fála a choimeád agus déanfaidh sé iad a dhoiciméadú sa chóras dearbhaithe cáilíochta.

Roinn 7

Dramhaíl phlaisteach a stóráil

Stórálfaidh an monaróir dramhaíl phlaisteach atá beartaithe chun amhábhair phlaisteach thánaisteach a mhonarú a bheartaítear a bheith i dteagmháil le bia ar leithligh ó dhramhaíl phlaisteach agus dramhaíl phlaisteach eile.

Coinneoidh an monaróir dramhaíl phlaisteach ón bhfoirgníocht ar leithligh ó dhramhaíl phlaisteach ó scartáil agus ó dhramhaíl eile.

Roinn 8

Réamhphróiseáil dramhaíola plaistí

Déanfaidh an monaróir an dramhaíl phlaisteach a réamhphróiseáil sula n-úsáidfeadh í mar ionchur don oibríocht aisghabhála chun dramhaíl neamhphlaisteach nó dramhaíl phlaisteach ina bhfuil cainníochtaí suntasacha eisíontas a bhaint.

Déanfaidh an monaróir faireachán leanúnach ar cháilíocht na dramhaíola plaistí réamhphróiseáilte agus bainfidh sé amach aon eisíontais a bhraitear a d'fhéadfadh dochar ábhartha a dhéanamh do cháilíocht an amhábhair phlaistigh thánaistigh atá á mhonarú. Ní mór taifid a choinneáil de mhéid na n-eisíontas a baineadh agus den mhodh cóireála.

Roinn 9

Dramhaíl phlaisteach a aisghabháil

Agus dramhaíl phlaisteach á haisghabháil, áiritheoidh an monaróir an méid seo a leanas:

- 1) rinneadh an dramhaíl phlaisteach arna sórtáil de réir an chineáil plaistigh ag an bhfoinse a shórtáil go hiomchuí sula n-úsáidtear í mar ionchur i bpróiseáil bhreise;
- 2) sórtáiltear dramhaíl nach sórtáiltear de réir cineál plaistigh ag an bhfoinse de réir cineál plaistigh agus trí shaintréithe eile a bhaineann le cáilíocht agus aicmiú an amhábhair phlaistigh athchúrsáilte a chur san áireamh;
- 3) laghdaítear dramhaíl phlaisteach réamhphróiseáilte agus shórtáilte trína brúite nó trína stialladh ina calóga, agus baintear píosaí ina bhfuil ábhar neamhphlaisteach;
- 4) déantar dramhaíl phlaisteach éillithe nó dramhaíl phlaisteach ina bhfuil greamáin nó eisíontais eile a chóireáil chun na heisíontais a bhaint;
- 5) go mbaintear aon eisíontas atá fágtha as leá plaisteach atá beartaithe lena millíniú trí easbhrú nó ar bhealach eile sula ndéantar millíniú;
- 6) an líne phróiseála a úsáidtear chun amhábhair phlaisteach tánaisteach a tháirgeadh a bheartaítear a bheith i dteagmháil le bia, ní phróiseálfaidh sí ach dramhaíl phlaisteach a thagann ó tháirgí plaisteacha a mbíonn teagmháil acu le bia agus a bhailítear ar leithligh nó a sórtáiltear ag an bhfoinse.

Saineoidh an monaróir bearta bainistithe riosca atá iomchuí agus leordhóthanach chun baisceanna éillithe a shainnithint agus a bhaint ón oibríocht aisghabhála.

Déanfaidh an monaróir treoracha a tharraingt suas sa chóras dearbhaithe cáilíochta maidir le húsáid agus cothabháil an trealaimh a úsáidtear chun an t-amhábhair phlaisteach tánaisteach a mhonarú agus maidir leis na feidhmeanna a bhaineann leis an bpróiseas monaraíochta.

Roinn 10

Sonraíochtaí le haghaidh amhábhair phlaisteach tánaisteach

Soláthróidh an monaróir na sonraíochtaí seo a leanas maidir leis an amhábhair phlaisteach tánaisteach:

- 1) codáin mhaise an phríomhpholaiméire agus polaiméirí eile;
- 2) a oiriúnaí atá sé do mhodhanna éagsúla monaraíochta táirgí plaisteacha;

3) an t-innéacs sreabhadh leá, mar thomhas leanúnach nó a chinneadh ó shampla ionadaíoch de bhaisc de suas le 1 500 kg d'amhábhar plaisteach tánaisteach.

Roinn 11

Doiciméadacht maidir le sampláil, anailís ar shamplaí agus ar thorthaí

Tarraingeoidh an monaróir suas treoracha maidir le sampláil agus tástáil le haghaidh na sonraíochtaí dá bhforáiltear i roinn 10 agus déanfaidh sé na treoracha a thaifeadadh sa chóras dearbhaithe cáilíochta. Ní mór faisnéis faoi na nithe seo a leanas a bheith sna treoracha:

1) an duine a bhailíonn samplaí agus a gcáilíochtaí, an láthair samplála, an modh samplála agus dáta agus am na samplála;

2) na modhanna a úsáidtear chun an t-innéacs leá agus tréithe eile a chinneadh;

3) diallais a breathnaíodh le linn na samplála;

4) an trealamh samplála, tomhais nó tástála a úsáideann an monaróir a úsáid, a chalabhrú agus a chothabháil.

Ní mór na modhanna agus na huirlisí a úsáidtear chun anailís a dhéanamh ar shamplaí agus ar thorthaí na hanailíse a dhoiciméadú mar chuid den chóras dearbhaithe cáilíochta. Ní mór faisnéis faoi na nithe seo a leanas a bheith sna doiciméid:

1) na paraiméadair agus na modhanna taighde a úsáidtear chun anailís a dhéanamh ar na samplaí;

2) torthaí na n-anailísí a rinneadh ar na samplaí;

3) na dialltaí cáilíochta a breathnaíodh;

4) bearta a rinneadh mar fhreagairt ar dhialltaí;

5) an trealamh samplála, tomhais nó tástála a úsáideann an monaróir a chalabhrú agus a chothabháil.

Go gcoimeádtar na doiciméid dá dtagraítear i bhfo-alt 2 a bhaineann le dearbhú cáilíochta ar feadh tréimhse 10 mbliana ón dáta a tarraingíodh suas na doiciméid.

Coinnítear sonraí tomhais fíor-ama an innéacs sreafa leáite a tháirgtear mar thomhas leanúnach ar feadh dhá mhí ar a laghad.

Roinn 12

Úsáidí ceadaithe amhábhair phlaistigh thánaistigh a ndearnadh an oibríocht aisghabhála air

Is féidir amhábhair phlaisteach tánaisteach a úsáid chun táirgí plaisteacha nó táirgí ina bhfuil plaisteach a mhonarú.

Roinn 13

Stóráil amhábhair phlaistigh thánaistigh a ndearnadh an oibríocht aisghabhála air

Déanfaidh an monaróir amhábhair phlaisteacha thánaisteacha atá beartaithe le haghaidh úsáidí éagsúla a stóráil ar leithligh. Ní mór an t-amhábhair phlaisteach tánaisteach a stóráil ar bhealach nach dtiocfaidh meath ar a cháilíocht.

Má tá cúis ag an monaróir a bheith in amhras go bhfuil meathlú tagtha ar cháilíocht an amhábhair phlaistigh thánaistigh le linn stórála ionas nach gcomhlíonann sé na critéir a thuilleadh, scrúdóidh an monaróir cáilíocht an amhábhair phlaistigh thánaistigh agus déanfaidh sé measúnú ar a oiriúnacht don úsáid atá beartaithe dó. Tugann an monaróir amhábhair phlaisteach tánaisteach nach gcomhlíonann na critéir ar ais lena phróiseáil mar dhramhaíl.

Roinn 14

Dearbhú comhlíontachta an mhonaróra

Déanfaidh monaróirí dearbhú comhlíontachta a tharraingt suas maidir leis an amhábhair phlaisteach tánaisteach a mhonaraíonn siad agus a chuireann siad ar an margadh. Cuirtear an dearbhú comhlíontachta ar fáil d'fhaighteoir an amhábhair phlaistigh thánaistigh le gach baisc d'amhábhair phlaisteach tánaisteach. Féadfaidh an dearbhú comhlíontachta a bheith i bhfoirm leictreonach freisin. Coinneoidh an monaróir an dearbhú comhlíontachta go ceann 10 mbliana tar éis a eisiúna.

Arna iarraidh sin, cuirfidh an monaróir dearbhú comhlíontachta maidir leis an amhábhhar plaisteach tánaisteach faoi bhráid Ghníomhaireacht Sábháilteachta agus Ceimiceán na Fionlainne.

Roinn 15

Inneachar an dearbhaithe comhlíontachta

Ní mór an fhaisnéis seo a leanas maidir leis an amhábhhar plaisteach tánaisteach a bheith sa dearbhú comhlíontachta:

- 1) ainm agus sonraí teagmhála an mhonaróra agus a dhearbhu go gcomhlíontar na critéir agus an síniú;
- 2) dáta glactha na gcritéir agus an t-údarás maoirseachta atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí i gcomhréir leis an Acht um Chaomhnú an Chomhshaoil;
- 3) faisnéis bhunúsach faoin amhábhhar plaisteach tánaisteach, lena n-áirítear a dhath agus a thionscnamh de réir cód dramhaíola;
- 4) an cineál plaistigh agus a aitheantóir i gcomhréir leis an tsonraíocht tionscail;
- 5) an t-innéacs sreafa leáite agus an caighdeán a úsáidtear chun é a chinneadh nó tuairisc bheacht a thabhairt air ar an modh a úsáidtear lena chinneadh, agus ar chodáin mhaise an phríomhpholaiméire agus na bpolaiméirí eile san amhábhhar plaisteach tánaisteach;
- 6) an úsáid agus an oiriúnacht atá beartaithe do mhodhanna monaraíochta táirgí plaisteacha i gcomhréir le roinn 12

Roinn 16

Oibleagáid fógra a thabhairt agus tuairisciú a dhéanamh

Tabharfaidh an monaróir fógra i scríbhinn don údarás maoirseachta dá dtagraítear in alt 23, fo-alt 1 den Acht um Chaomhnú an Chomhshaoil á rá gur glacadh na critéir. Ní mór míniú ar chóras dearbhaithe cáilíochta an mhonaróra a bheith san fhógra. Ní mór an fógra a eisiúint tráth nach déanaí ná 30 lá sula dtabharfar isteach na critéir.

Gach bliain, tráth a shonraítear sa chead comhshaoil, ach tráth nach déanaí ná deireadh mhí Feabhra na bliana féilire dár gcionn, cuirfidh an monaróir an méid seo a leanas faoi bhráid an údaráis mhaoirseachta:

1) faisnéis maidir leis an dramhaíl a úsáidtear san oibríocht chóireála agus a cainníochtaí arna miondealú le dramhaíl phlaisteach agus leis an gcód dramhaíola mar a liostaítear in Iarscríbhinn 1;

2) míniú ar aon athruithe ar chóras dearbhaithe cáilíochta an mhonaróra;

3) faisnéis maidir le cainníochtaí amhábhair plaisteach tánaisteach monaraithe a chomhlíonann na critéir.

Ina theannta sin, soláthróidh an monaróir faisnéis don údarás maoirseachta ar bhonn bliantúil maidir leis na cainníochtaí dramhaíola a liostaítear in Iarscríbhinn 1 de réir an chineáil dramhaíola chomh maith le faisnéis faoi chainníochtaí an ábhair a baineadh as an ionchur sa réamhphróiseáil dá dtagraítear i roinn 8 agus san oibríocht aisghabhála dá dtagraítear i roinn 9 agus faoi phróiseáil bhreise.

Tabharfaidh an monaróir fógra i scríbhinn don údarás maoirseachta á rá go bhfuil deireadh le húsáid na gcritéir.

Roinn 17

Teacht i bhfeidhm

Tagann an Fhoraithe seo i bhfeidhm an [dáta] [mí] 20.

Níl feidhm ag an bhForaithe seo maidir le hamhábhair phlaisteacha thánaisteacha a monaraíodh roimh theacht i bhfeidhm an Fhoraithe seo. Aon chinneadh ad hoc maidir le stádas deireadh dramhaíola arna eisiúint roimh ghlacadh na Foraithe seo, aisghairtear iad tráth a thagann an Fhoraithe seo i bhfeidhm a mhéid a bhaineann sé le dramhaíl phlaisteach a chumhdaítear leis an bhForaithe seo.

Má tá iarratas ad hoc ar stádas deiridh dramhaíola a dheonú d’amhábhar plaisteach tánaisteach ar feitheamh tráth a thiocfaidh an Fhóraithne seo i bhfeidhm, stopfar an t-iarratas a phróiseáil nó rachaidh sé in éag. Cásanna atá ar feitheamh os comhair cúirte ag an tráth a thagann an Fhóraithne seo i bhfeidhm, éistear iad agus déantar cinneadh ina leith i gcomhréir leis na forálacha a bheidh i bhfeidhm tráth a thiocfaidh an Fhóraithne seo i bhfeidhm. Má neamhníonn an Chúirt Achomhairc cinneadh a bhí faoi réir na bhforálacha a bhí i bhfeidhm tráth a thiocfaidh an Fhóraithne seo i bhfeidhm agus má tharchuireann sí an cás ina iomláine le haghaidh athbhreithnithe, éistear an cás agus déantar cinneadh air i gcomhréir leis an bhFóraithne seo.

Heilsincí xx 20xx

Aire ar... Céadainm Sloinne

Teideal Céadainm Sloinne

Cineálacha dramhaíola plaistí a cheadaítear a úsáid mar ionchur don oibríocht aisghabhála agus dá gcóid dramhaíola

Dramhaíl phlaisteach	Cód dramhaíol a
1. Dramhaíl phlaisteach a eascraíonn as monarú plaisteach agus táirgí plaisteacha	07 02 13
a) Dramhaíl phlaisteach a eascraíonn as monarú agus úsáid plaisteach	16 03 04
b) Dramhaíl ó tháirgí plaisteacha neamh-inmhargaithe a eascraíonn as monarú táirgí plaisteacha	12 01 05
c) Dramhaíl phlaisteach a eascraíonn as plaisteach a mhúnlú	19 12 04
d) Dramhaíl phlaisteach réamhphróiseáilte a eascraíonn as próiseáil mheicniúil dramhaíola plaistí dá dtagraítear i bpointí (a) go (c)	
2. Dramhaíl ó fhoirgníocht phlaisteach	
a) Dramhaíl phlaisteach a eascraíonn as tógáil	17 02 03
b) Dramhaíl ábhair inslithe phlaistigh a eascraíonn as tógáil	17 06 04
c) Dramhaíl phlaisteach réamhphróiseáilte a eascraíonn as próiseáil mheicniúil dramhaíola plaistí dá dtagraítear i bpointí (a) go (b)	19 12 04
3. Dramhaíl phlaisteach eile a bhailítear ar leithligh	
a) Dramhaíl phlaisteach a bhailítear ar leithligh ón talmhaíocht, ón ngairneoireacht agus ón bhforaoiseacht	02 01 04
b) Dramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach agus dramhaíl phlaisteach eile ó theaghlaigh a bhailítear ar leithligh ¹	15 01 02 20 01 39 15 01 02
c) Buidéil phlaisteacha a bailíodh ar leithligh tríd an gcóras éarlaise	15 01 02

¹ Ina bhfuil dramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach agus dramhaíl phlaisteach eile a bhailítear ar leithligh nó i dteannta a chéile

d) Dramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach agus dramhaíl phlaisteach eile arna bailiú nó arna sórtáil ar leithligh ag an bhfoinse ón tionscal, ó thrádáil agus ó sheirbhísí ²	19 12 04
e) Dramhaíl phlaisteach réamhphróiseáilte ó phróiseáil mheicniúil dramhaíola plaistí dá dtagraítear i bpointí (a) go (d)	
4. Dramhaíl phlaisteach atá scartha ó dhramhaíl mheasctha	
a) Dramhaíl scannán plaisteach atá scartha ó dhramhaíl tógála agus scartála mheasctha (17 09 04)	19 12 04
Dramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach atá scartha ó dhramhaíl fuinnimh arna bailiú ar leithligh ón tionscal, ó thrádáil agus ó sheirbhísí (20 01 99)	19 12 04

² Ina bhfuil dramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach agus dramhaíl phlaisteach eile a bhailítear ar leithligh nó i dteannta a chéile

AICMÍ GUAISE AGUS CATAGÓIRÍ SUBSTAINTÍ CONTÚIRTEACHA

- a) aicme ghuaise 2.1 pléascáin;
- b) aicme ghuaise 2.2 gáis inadhaite;
- c) aicme ghuaise 2.3 aerasóil inadhaite;
- d) aicme ghuaise 2.4 gáis ocsaídeacha;
- e) aicme ghuaise 2.5 gás faoi bhrú;
- f) aicme ghuaise 2.6 leachtanna inadhaite, Catagóir 1;
- g) aicme ghuaise 2.7 solaid inadhaite;
- h) aicme ghuaise 2.8 substaintí agus meascáin atá féin-imoibríoch, cineálacha A go D;
- i) aicme ghuaise 2.12 substaintí agus meascáin a scaoileann gáis inadhaite agus iad i dteagmháil le huisce, Catagóirí 1 agus 2;
- j) aicme ghuaise 2.13 leachtanna ocsaídeacha, Catagóirí 1 agus 2;
- k) aicme ghuaise 2.14 solaid ocsaídeacha, Catagóirí 1 agus 2;
- l) aicme ghuaise 2.15 sárocsaídí orgánacha, Cineálacha A go D;
- m) aicme ghuaise 3.1 géarthocsaineacht, Catagóirí 1, 2 agus 3;
- n) aicme ghuaise 3.5 só-ghineacht ghaiméite;
- o) aicme ghuaise 3.6 éifeachtaí carcanaigineacha;
- p) aicme ghuaise 3.7 tocsaineacht atáirgthe;
- q) aicme ghuaise 3.8 tocsaineacht sain-spriocorgáin — aon nochtadh amháin, Catagóirí 1 agus 2;
- r) aicme ghuaise 3.11 substaintí agus meascáin réabtha iontálaigh a dhéanann difear do shláinte an duine, Catagóirí 1 agus 2;
- s) aicme ghuaise 4.2 substaintí agus meascáin réabtha iontálaigh a dhéanann difear don chomhshaol, Catagóirí 1 agus 2;
- t) aicme ghuaise 4.3 substaintí agus meascáin mharthanacha, bhithcharnacha agus thocsaineacha (PBT) nó an-mharthanach agus an-bhithcharnach (vPvB);
- u) aicme ghuaise 4.4 substaintí agus meascáin mharthanacha, iniompartha agus tocsaineacha (PMT) nó an-mharthanach agus an-soghluaiste (vPvM).

Iarscríbhinn 3

INNÉACS AN TSREAFÁ LEÁITE A CHINNEADH

I gcás ina gcinntear innéacs an tsreafa leáite ar shampla ionadaíoch nach mó ná 1 500 kg, déantar an cinneadh i gcomhréir le caighdeán SFS-EN ISO 1133-1 nó trí mhodh ar bith eile lena mbaineann íogaireacht anailíseach leordhóthanach, cruinneas leordhóthanach agus in-atáirgtheacht anailíseach leordhóthanach. Má úsáidtear ionchur ón ábhar tosaigh céanna chun amhábhair phlaisteacha thánaisteacha de cháilíocht aonfhoirmeach ábhair a tháirgeadh, ar mó a gcainníocht ná 1 500 kg, is leor sampla amháin a tógadh in aghaidh na baisce d'amhábhair thánaisteach chun innéacs an tsreafa leá a chinneadh.

Má chinntear an t-innéacs sreafa leáite do gach baisc d'amhábhair plaisteach thánaisteach mar thomhas leanúnach, cinntear an t-innéacs sreafa leáite do gach baisc ar bhonn sonraí tomhais fíor-ama.

I gcás baisceanna beaga go cainníochtúil a bhfuil ábhar tosaigh dea-aitheanta agus aonchineálach acu, is féidir cur síos beacht ar an ionchur a chur in ionad chinneadh an innéacs sreafa leáite.